2026/1442

3.7.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1442 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Meitheamh 2026

lena bhformheastar iarraidh Cheanada ar rochtain chómhalartach faoin tSaoráid don Úcráin a bunaíodh le Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an tSaoráid don Úcráin, cuirtear tacaíocht airgeadais suas le EUR 50 billiún ar fáil don Úcráin le haghaidh na tréimhse 2024 go 2027 i bhfoirm tacaíocht neamh-inaisíoctha agus iasachtaí le haghaidh théarnamh, atógáil agus nuachóiriú na hÚcráine.

(2) Tá an comhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta an Aontais fíor-riachtanach ar mhaithe le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú na hÚcráine. Is príomh-chomhpháirtí de chuid an Aontais é Ceanada maidir le tacú le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú na hÚcráine. Is comhalta bunaidh é den Ardán Deontóirí don Úcráin a bhunaigh ceannairí G7 i mí na Nollag 2022 agus is comhalta dá Choiste Stiúrtha é

(3) An 19 Eanáir 2026, chuir Ceanada iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin ar rochtain chómhalartach le haghaidh gnólachtaí agus eintiteas ar nósanna imeachta um soláthar agus um dhámhachtain deontas agus comórtais duaise na gclár tacaíochta don Úcráin lena mbaineann.

(4) Rinne an Coimisiún scrúdú ar an bhfaisnéis a chuir Ceanada ar fáil agus rinne sé anailís ar an bhfaisnéis atá ar fáil faoin tacaíocht idirnáisiúnta a chuirtear ar fáil don Úcráin, d'fhonn a chinneadh an é nach bhfuil tacaíocht Cheanada srianta iarbhír agus go héifeachtach agus d'fhonn comparáid a dhéanamh idir an leibhéal tacaíochta a chuireann an tAontas agus Ceanada ar fáil, agus gnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla á gcur san áireamh.

(5) Ní chuireann Ceanada srian le rannpháirtíocht i dtionscadail arna gcistiú san Úcráin, agus deonaíonn sé rochtain chomhionann ar na nósanna imeachta um sholáthar agus um dhámhachtain deontas agus duaiseanna a bhaineann lena thacaíocht don Úcráin do gach tír incháilithe faoin tSaoráid don Úcráin.

(6) Ó mhí Feabhra 2022 go dtí mí an Mhárta 2026, tá os cionn CAD 23,5 billiún geallta ag Ceanada don Úcráin, lena n-áirítear CAD 13,99 billiún de thacaíocht dhíreach do bhuiséad stáit na hÚcráine nó de thacaíocht airgeadais eile, CAD 6,5 billiún de chúnamh míleata agus de thacaíocht oibríochtúil mhíleata, CAD 1,36 billiún de bhearta inimirce, CAD 702,1 milliún de chúnamh téarnaimh agus atógála (lena n-áirítear cúnamh forbartha), CAD 395,7 milliún de chúnamh daonnúil, CAD 229,8 milliún de thacaíocht slándála agus cobhsaíochta, agus CAD 19,8 milliún de thacaíocht cosanta cultúrtha. Tá CAD 5 billiún geallta ag Ceanada don Úcráin mar chuid den tionscnamh 'Iasachtaí lena nGéaraítear an tIoncam Urghnách don Úcráin'. Dá bhrí sin, ar an meán, 0,76 % de OTI Cheanada atá sa tacaíocht iomlán don Úcráin. Tá sé sin inchomparáide le tacaíocht an Aontais don Úcráin (ó bhuiséad an Aontais agus ó bhuiséid na mBallstát le chéile) arb éard atá ann 1,11 % de OTI an Aontais.

(7) Tá Ceanada ina scairshealbhóir freisin sa Bhanc Domhanda agus sa Bhanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF), agus tá sé suibscríofa go hiomlán lena scaireanna leithdháilte den mhéadú 2024 ar chaipiteal íoctha chun tacaíocht leanúnach BEAF san Úcráin a chumasú (EUR 137,2 milliún). Tá an tacaíocht sin go hiomlán cláraithe mar chaiteachas agus tá sí cothrom le tacaíocht deontais do Cheanada mar gheall ar chaighdeáin chuntasaíochta poiblí Cheanada.

(8) Cuireann tacaíocht leanúnach Cheanada don Úcráin le slándáil na hEorpa, agus le comhroinnt dualgas idirnáisiúnta idir an tAontas agus a chomhpháirtithe a mhéid a bhaineann le tacaíocht don Úcráin.

([1]) IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj.

(9) Ar bhonn na faisnéise a chuir Ceanada ar fáil, dá dtabharfaí rochtain chómhalartach do Cheanada ar nósanna imeachta um sholáthar agus um dhámhachtain deontas agus duaiseanna haghaidh gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin tSaoráid don Úcráin, threiseofaí cuspóirí comhroinnte polaitiúla agus eacnamaíocha an dá pháirtí, go háirithe i dtaca le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú na hÚcráine, i gcomhréir le cuspóirí na Saoráide don Úcráin.

(10) Chun éifeachtacht na cabhrach a thugtar don Úcráin a uasmhéadú, is iomchuí rochtain chómhalartach a dheonú do Cheanada go ceann tréimhse bliana.

(11) Chuathas i gcomhairle leis an Úcráin an 21 Aibreán 2026 maidir le hiarraidh Cheanada ar rochtain chómhalartach ar an tSaoráid don Úcráin, agus dheimhnigh sí go n-aontaíonn sí leis sin.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an tSaoráid don Úcráin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear rochtain chómhalartach do Cheanada ar nósanna imeachta um sholáthar agus um dhámhachtain deontas agus duaiseanna haghaidh gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin tSaoráid don Úcráin, go ceann tréimhse bliana ón 23 Iúil 2026.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Meitheamh 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN